An Binse Achomhairc Fostaíochta
Employment Appeals Tribunal

# Tuarascáil Bhliantúil an Bhinse Achomhairc Fostaíochta 2022

**Arna chur i láthair an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi Alt 39(18) de na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2014**

# Clár ábhair


**Réamhrá an Chathaoirligh** **3**

**Baill agus Comhdhéanamh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta 2022** **5**

**Díscaoileadh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta** **6**

**Teagmháil** **6**

**Staitisticí Cásanna** **7**

**Achomhairc chun na hArd-Chúirte** **7**

**Cinntí an Bhinse Achomhairc Fostaíochta** **8**


## Ráiteas Misin

'Modh neamhchostasach agus neamhfhoirmiúil a sholáthar chun díospóidí faoi chearta fostaíochta a bhreithniú faoi chorp na reachtaíochta a thagann faoi raon feidhme an Bhinse.'

# Réamhrá an Chathaoirligh

A Aire

Tá áthas orm an 55ú Tuarascáil Bhliantúil ón mBinse Achomhairc Fostaíochta don bhliain 2022, de réir Alt 39(18) de na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta 1967 go 2014, a chur faoi do bhráid. Tugadh an Binse Achomhairc Fostaíochta ar an mBinse Achomhairc um Iomarcaíocht a bunaíodh faoin Acht sin faoin Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977 agus dá ngairfear an Binse anseo feasta.

Is comhlacht neamhspleách gar-bhreithiúnach é an Binse a fhaigheann a dhlínse ó go leor reachtanna um chosaint fostaíochta. Is í an mhórchuid d'obair an Bhinse breithniú a dhéanamh ar dhíospóidí dlí fostaíochta a eascraíonn nuair a chuirtear deireadh leis an gcaidreamh fostaíochta. Tá feidhm achomharcóra aige freisin maidir le díospóidí a thagann chun cinn le linn an chaidrimh fostaíochta. Mar sin féin, faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977 go 1993 d'fhéadfadh éilitheoir a roghnú go n-éistfí a chás/cás dífhostú éagórach go príobháideach os comhair an Choimisinéara um Chearta nó go poiblí os comhair an Bhinse. Sa chéad chás rinneadh achomharc chuig an mBinse. Roghnaigh thart ar 65% d'éilitheoirí go n-éistfeadh an Binse lena n-éileamh ar dhífhostú éagórach go poiblí. Déileálann an Binse go heisiach le díospóidí cearta fostaíochta aonair seachas le díospóidí leasa.

Bíonn cinntí an Bhinse, go ginearálta, bunaithe ar fhianaise ó bhéal faoi mhionn, lena n-áirítear croscheistiú, na bpáirtithe agus na bhfinnéithe. Bíonn gach éisteacht os comhair an Bhinse go poiblí mura gceadaítear iarratas chun cás a éisteacht laistigh den cheamara.

Mar chuid d'atheagrú na gcomhlachtaí réitithe díospóidí fostaíochta faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 tá córas breithnithe dhá shraith tagtha in ionad an bhunchórais. Tá an córas atheagraithe comhdhéanta den Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre mar chomhlacht céadchéime agus an Chúirt Oibreachais mar chomhlacht achomharcach. Déanann an dá chomhlacht seo breithiúnas anois ar gach díospóid fostaíochta, cibé acu díospóidí cearta nó leasanna. Ba é an 1ú Deireadh Fómhair 2015 an lá dílseacháin don chóras atheagraithe.

Le linn 2022 chuir an Binse 7 gcáschomhad de láimh agus anois níl ach 7 gcinn de cháschomhad oidhreachta le tabhairt chun críche. Nuair a bheidh na cásanna oidhreachta seo tugtha chun críche, déanfar an Binse a dhíscaoileadh go foirmiúil.

Thar ceann chomhaltaí an Bhinse agus mé féin ba mhaith liom ár gcomhbhrón a chur in iúl do Dheirdre Ryan agus a teaghlach ar bhás tobann Ciaran Ryan a bhí ina bhall den Bhinse le fada an lá agus a raibh meas air.

Gabhaim buíochas leat an Aire agus leis an Roinn as na háiseanna agus na hacmhainní a chur ar fáil chun go bhféadfaidh an Binse a chuid oibre a chur i gcrích in 2022.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Therese Hickey ón Rúnaíocht as an tacaíocht fhíorluachmhar a leanann sí ag tabhairt don Bhinse. Ba mhór an pléisiúr oibriú léi mar gheall ar a taithí agus a saineolas ar fheidhm riaracháin an Bhinse mar aon lena dea-ghiúmar seasmhach. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le comhaltaí an Bhinse as a dtiomantas leanúnach. Sócmhainn thar a bheith luachmhar don Bhinse is ea a gcuid eolais agus saineolais**.**

Is mise le meas



Kate T O’Mahony Abhcóide
Cathaoirleach

# Comhaltaí an Bhinse 2022

| | | | |
|---|---|---|---|
| **CATHAOIRLEACH** | | | |
| **Kate T O'Mahony Abhcóide.** | | | |
| | | | |
| **LEAS-CHATHAOIRLEACH** | **PAINÉAL AN FHOSTÓRA** | **PAINÉAL NA bhFOSTÓIRÍ** | **Rúnaí don Bhinse** |
| **Emile Daly Abhcóide.** | **Joe Browne** | **Noel Dowling** | **In. Bernie Byrne** |
| **Penelope McGrath Abhcóide.** | **Michael Carr** | **Tom J Gill** | |
| **Niamh O'Carroll Kelly Abhcóide** | **John Horan** | **Suzanne Kelly** | |
| **Peter J O'Leary Abhcóide.** | **Desmond Morrison** | **Dominic McEvoy** | |
| **Tom Ryan** | **James O'Neill** | ***Ciaran Ryan (RIP Aibreán)*** | |
| | **Neil Ormond** | | |

# 1. Díscaoileadh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta

## 1.1 An tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015

Faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 (Uimh. 16 de 2015), tháinig deireadh le feidhmeanna an Bhinse Achomhairc Fostaíochta maidir le héilimh nó achomhairc nua agus níor taisceadh aon chásanna den sórt sin leis an mBinse ón 1ú Deireadh Fómhair 2015. Ghlac an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, inter alia, le feidhmeanna céadchéime an Bhinse Achomhairc Fostaíochta. Tá dlínse achomhairc aonair ag an gCúirt Oibreachais anois i ngach díospóid a thagann chun cinn faoi dhlíthiú cearta fostaíochta. Tá gach éileamh agus achomharc nua um chearta fostaíochta á dtaisceadh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus leis an gCúirt Oibreachais faoi seach ón 1ú Deireadh Fómhair 2015.

Choinnigh an Binse a fheidhm forfheidhmithe maidir le Moltaí na gCoimisinéirí um Chearta ach tá an fheidhm seo fós le haistriú laistigh den chóras leasaithe.

## 1.2 Díscaoileadh an Bhinse Achomhairc Fostaíochta

Tá gach cás oidhreachta a taisceadh leis an mBinse roimh 1ú Deireadh Fómhair 2015 á thabhairt chun críche ag an mBinse féin. I rith 2022, d'oibrigh an Binse chun a chásanna oidhreachta a bhrostú agus dá bhrí sin tá sé fós ann i gcomhthráth leis na struchtúir nua. Ag deireadh na bliana, níl ach líon beag cásanna fós le héisteacht ag an mBinse agus baineann an chuid is mó díobh seo le himeachtaí sibhialta comhthreomhara. Tá sé ar intinn ag an mBinse an obair seo a chur i gcrích chomh héifeachtach agus is féidir d’fhonn ligean di a lánscor a dhéanamh de réir Chuid 6 den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015.

# 2. Teagmháil

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Rúnaíocht ag:

| | | |
|---|---|---|
| **An Binse Achomhairc Fostaíochta** | **Guthán:** | **01 6313085** |
| **Teach Lansdúin** | **Ríomhphost:** | **eat@enterprise.gov.ie** |
| **Bóthar Lansdún** | | |
| **Baile Átha Cliath 4** | | |
| **D04 A3A8** | | |

# 3. Staitisticí Cásanna

## 3.1 Cásanna Oidhreacht a Diúscraíodh in 2022

Le linn 2022, chuir an Binse de láimh 7 gcáschomhad a chuimsigh na cinn seo a leanas:

***Tabhair faoi deara le do thoil 2 cháschomhad a chuimsigh gach ceann de 2 éileamh faoi 2 Acht Fostaíochta ar leith*

| CINEÁL CÁS | IOMLÁN A DÍSCAOILEADH |
|---|---|
| Na hAchtanna um Íocaíocht Iomarcaíochta 1967-2014 | |
| Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta 1973-2005 | 1 |
| Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007 | 7 |
| Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí) 1984-2012 | - |
| An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997 | - |
| Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais 1994 agus 2004 | - |
| An tAcht um Íoc Pá 1991 | 1 |
| Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994-2014 | - |
| Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 agus 2006 | - |
| IOMLÁN | 9 nÉileamh tugtha chun críche |

## 3.2 Cásanna a Tarchuireadh in 2022

Ní raibh aon iarratas chun cinneadh nó moladh de chuid na gCoimisinéirí um Chearta a chur i bhfeidhm.

Níor atreoraíodh aon chás ar ais ón Ard-Chúirt chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta le haghaidh éisteachta nua.

## 3.3 Cásanna atá fós le tabhairt chun críche

Ag deireadh 2022, bhí 7 gcomhad cás oidhreachta fágtha le tabhairt chun críche ag an mBinse. Táthar ag súil go dtabharfar iad seo chun críche le linn 2023.

## 4. Achomhairc chun na hArd-Chúirte

Is féidir cinntí an Bhinse a athbhreithniú go breithiúnach nó achomharc a dhéanamh faoi roinnt Achtanna ar phointe dlí chun na hArd-Chúirte.

Is féidir achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda faoi chinntí an Bhinse i gcásanna faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach laistigh de shé seachtaine ón dáta a gcuirtear na Cinntí in iúl do na páirtithe. Tá an nós imeachta chun achomharc a dhéanamh in aghaidh Cinntí an Bhinse leagtha amach i Rialacha na Cúirte Cuarda (www.courts.ie). Soláthraíonn na rialacháin bealach freisin chun an Binse a chur ar an eolas faoin tarchur agus faoi thoradh na gcásanna a ndéantar achomharc orthu chuig an gCúirt Chuarda. Ón eolas a soláthraíodh cuireadh thart ar dhá chás (idir achomhairc agus forghníomhaithe) ar aghaidh chuig an gCúirt Chuarda.

## 5. Cinntí an Bhinse

Coinníonn an Binse clár poiblí dá Chinntí, de réir reachta. Tá an Clár ar oscailt lena iniúchadh, saor in aisce, ag aon bhall den phobal le linn gnáthuaireanta gnó ag a oifigí i dTeach Lansdún. Tá cinntí ar fáil ar an suíomh gréasáin freisin ar www.workplacerelations.ie.